TOLL COLLECT
service on the road

IRL

TOLL COLLECT
service on the road

Toll Collect GmbH, Gléas feithicle Lámhleabhar oibriúcháin, V 4.2, IRL – dar dáta: 10/2018

GLÉAS FEITHICLE

LÁMHLEABHAR OIBRIÚCHÁIN

www.toll-collect.de

Nóta faoi shocrú an aicme meáchain ar an ngléas feithicle

Ón 1 Eanáir 2019, trí ráta dola páirteach a bheidh sa ráta dola iomlán:

- costais an bhonneagair le haghaidh feithiclí le dliteanas dola agus do chomhcheangail feithiclí de réir aicme meáchain. Ar fheithiclí lena mbaineann ollmheáchan feithicle de 18 tonna nó níos mó, déantar idirdhealú de réir líon na n-acastóirí (suas le 3 nó 4 acastóir agus níos mó),
- costais aerthruaillithe de réir aicme astaíochta agus
- ráta páirteach don truailliú ó thorann na feithiclí

Is é atá nua ná go bhfuil sé éigeantach agus riachtanach na aicme meáchain a shocrú. Mura socraítear an aicme meáchain, is é an toradh a bheidh air seo ná pionós a ghearradh agus an méid dola a bhailiú ina dhiaidh sin.

I gcás feithiclí agus comhcheangal feithiclí lena mbaineann ollmheáchan feithicle os cionn 18 tonna, ní mór líon na n-acastóirí a dhearbhú freisin. Is féidir líon na n-acastóirí a dhearbhú go toilteanach chomh maith fiú má tá an t-ollmheáchan feithicle níos ísle.

Chomh maith leis sin tá rialacha nua ann maidir leis an ollmheáchan ceadaithe do chomhcheangail feithiclí. D'ainneoin na Rialachán um Cheadú Feithiclí do Thrácht Bóthair, déantar ollmheáchain feithicle na bhfeithiclí ar leith a shuimiú le chéile. Ní chuirtear ualaigh taca ná ualaigh phionna ceann aise san áireamh.

Is féidir leat an t-eolas is déanaí a fháil am ar bith ó www.toll-collect.de

Bíonn ar rannpháirtithe sa chóras bailiúcháin dolaí uathoibríoch na gléasanna feithicle a oibriú i gceart, de réir Alt 29 na dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta Toll Collect GmbH. Go háirithe, tá sé d'oibleagáid orthu a chinntiú, roimh dóibh bóithre le dliteanas dola a úsáid, go bhfuil an gléas feithicle réidh le comhaireamh agus go bhfuil an t-eolas ar riocht reatha na feithicle ceart. Tugann Toll Collect GmbH le fios go ndéantar taifead chun cinntiú go dtosaíonn na gléasanna feithicle ag oibriú ag an am céanna go dtosaíonn na feithiclí troma féin agus go sábháiltear aon athrú socruithe a dhéanann na tiománaí ar an ngléas feithicle, chomh maith le mí-iompar ar bith maidir le ullmhacht an ngléis. Sábháiltear cén uair a tharla na hathruithe nó an mí-iompar seo chomh maith.
Mar chuid de na scrúduithe dola, is féidir le hoifigigh na hOifige Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) an fhaisnéis seo a aisghabháil ó gach ghléas feithicle agus a chinntiú gur chomhlíon gach custaiméir a dhualgas.

1 Treoracha Ginearálta 2

2 An Córas Bailiúcháin Dolaí Uathoibríoch 3

3 Eilimintí Oibriúcháin 4
3.1 Gléasanna feithicle BOSCH agus BOSCH 2 4
3.2 Gléasanna feithicle Continental 6

4 Oibriú 8
4.1 Sonraí Custaiméara a Iontráil 8
4.2 Seirbhísí Bailiúcháin Dolaí sa Ghearmáin agus san Ostair 12
4.3 Scáileáin Oibriúcháin 13
4.3.1 Scáileáin Oibriúcháin ar Bhealaí laistigh den Ghearmáin 13
4.3.2 Scáileáin Oibriúcháin ar Bhealaí laistigh den Ostair 14
4.4 Socruithe roghchlár 15
4.5 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide 22
4.5.1 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide i gcás Lochtanna Teicniúla 23
4.5.2 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide maidir le Seirbhís Bailiúcháin Dola 24

Tá freagracht an ábhair ar:
Toll Collect GmbH, Linkstr. 4, 10785 Berlin

© 2018 Toll Collect GmbH. Gach ceart ar chosaint.

1 Treoracha Ginearálta

Téigh i dtaithí ar fheidhmeanna do ghléas feithicle sula dtosaíonn tú an chéad turas. Níl sé ceadmhach an gléas feithicle a oibriú le linn an turais.

- Is é dualgas an tiománaí meáchan agus líon acastóirí na feithicle a shocrú go cuí roimh thiomáint ar bhóithre dola sa Ghearmáin.

A
- Roimh thiomáint ar bhóithre le dliteanas dola san Ostair, ní mór líon ceart na n-acastóirí (aicme) a dhearbhú i gcónaí de réir na "Rialacháin Dola do Mhótarbhealaí Cónaidhme agus Luasbhealaí na hOstaire" (Mautordnung für die Autobahnen und Schnellstraßen Österreichs). Tá leagan reatha de na rialacháin dola ar fáil am ar bith ag www.asfinag.at.
- I gcás mífheidhmeanna an ghléas feithicle laistigh den Ghearmáin, tá sé de dhualgas ort codanna an bhóthair le dliteanas dola a chlárú de láimh tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect, ag an teirminéal dola nó thar áirithint ar líne.

A
- I gcás mífheidhmeanna an ghléas feithicle laistigh den Ostair, tá sé de dhualgas ort dul chuig lárionad GO agus an dola a íoc de réir na rialacháin dola. Ag an lárionad GO is féidir GO-Box a fháil i gcás síorchliseadh an gléas feithicle.
- Ní mór an gléas feithicle a bheith ionsuite agus séalaithe san fheithicil go cuí ag Comhpháirtí Seirbhíse de chuid Toll Collect.
- Ná cuir isteach ar an ngléas feithicle ná ar na cáblaí agus ná hathraigh an suíomh ionsuiteála.
- Ná bí ag úsáid uirlisí a bhfuil faobhar géar nó bior orthu chun cnaipí an ghléas feithicle a oibriú.
- Ná bain úsáid as glantóirí scríobacha nó tuaslagóirí ar nós caolaitheoir nó beinséin chun an gléas feithicle a ghlanadh. Glan an gléas feithicle le héadach beagán tais.
- Chun oibriúchán ceart an ghléas feithicle a chinntiú, ní féidir rud ar bith a bheith suite idir an gaothscáth agus an modúl DSRC. Chomh maith leis sin, i gcás an ghléis sliotáin Continental, níor chóir rud ar bith a chur in aice leis nó ar an ngléas feithicle ná a shuiteáil os a chionn.

2 An Córas Bailiúcháin Dolaí Uathoibríoch

A Chustaiméir,

a chara,Is é an gléas feithicle an bunús le bailiúchán dolaí uathoibríoch ar bhóithre dola sa Ghearmáin chomh maith le bailiúchán dolaí roghnach ar bhóithre dola san Ostair.

Is iad feidhmeanna an ghléas feithicle sa Ghearmáin ná

- láthair na feithicle a shocrú go leanúnach trí theicneolaíocht satailíte.
- sonraí an turais agus tréithe feithiclí a chur in iúl chuig an bpríomhoifig.
- tuairisc a thabhairt ar thrasnaíocht (amhairc agus fuaime) a chuireann isteach ar bhailiúchán uathoibríoch an dola.
- dearbhú na feithicle agus an tseirbhís dola a úsáideadh a thaispeáint ar an scáileán.

A **Is iad feidhmeanna an ghléas feithicle san Ostair ná**

- dolaí a ghearradh ar na bhfeithiclí, neamhspleách ar an láthair ina bhfuil siad, trí theicneolaíocht micreathonnach (DSRC) ag droichid dola atá ionsuite ar thaobh an bhóthair.
- comhartha a dhéanamh ar bhailiúchán an dola trí thon comhartha amháin.
- tuairisc a thabhairt ar thrasnaíocht (amhairc agus fuaime) a chuireann isteach ar bhailiúchán uathoibríoch an dola.

Léigh an lámhleabhar oibriúcháin seo go cúramach, le do thoil, agus téigh i dtaithí le láimhseáil an ghléas feithicle. Coinnigh gach doiciméad soláthraithe in áit shábháilte.

Go n-éirí an bóthar leat!Le dea-mhéin,
Toll Collect GmbH

3 Eilimintí Oibriúcháin

3.1 Gléasanna feithicle BOSCH agus BOSCH 2



Chun an roghchláir a oscailt, brúigh an cnaipe OK uair amháin, agus ansin bain úsáid as an gcnaipe ▼ chun scrolla a dhéanamh tríd an roghchlár.

Tá cuma beagán difriúil ar roghchlár an ghléas feithicle BOSCH le roghchlár na ngléasanna feithicle Continental, ach is ionann maidir le ordú agus oibriú iad.

Tá an difríocht le feiceáil sa léaráid seo a leanas, mar shampla:

BOSCH ↓	Continental ↓
MENU NUMBER OF AXLES	MENU NUMBER OF AXLES
NUMBER OF AXLES 2	NUMBER OF AXLES 2

Cnaipí

1. **Cnaipe OK:**
   Chun an roghchlár a oscailt, chun iontrálacha agus teachtaireachtaí roghchláir a dheimhniú
2. **Saigheadchnaipí dheas agus chlé:**
   Chun feidhmeanna a roghnú agus a shocrú
3. **Saigheadchnaipí suas agus síos:**
   Chun bogadh siar agus aniar sa roghchlár
4. **Cnaipe Clear:**
   Chun iontrálacha a chealú;
   Chun athrú go leibhéal roghchláir níos airde
5. **Comhéadan Seirbhíse:**
   Ar mhaithe le seirbhísí amháin
   (Bí cúramach gan dochar a dhéanamh don séala, le do thoil)

LED

6. **Uaine:**
   Tá an gléas feithicle réidh le húsáid; tá coinníollacha bhailiúchán uathoibríoch an dola comhlíonta.

   Dearg:
   Níl an gléas feithicle páirteach sa chóras uathoibríoch sa Ghearmáin toisc go ndearbhaíodh gan dliteanas dola a íoc nó toisc nach bhfuil an gléas réidh le húsáid de réir comhartha ar an scáileán taispeána.

Scáileán Taispeána

7. Líon na n-acastóirí atá ann faoi láthair
8. Seirbhís (DE = An Ghearmáin)
9. Dearbhú meáchain reatha

Ní hionann na heilimintí oibriúcháin ar an ngléas feithicle de chuid an dara glúin BOSCH agus iad siúd de chuid an chéad ghlúin. Tá dhá chomhéadan seirbhíse fós ag na sean-aonaid.

3 EILIMINTÍ OIBRIÚCHÁIN

3.2 Gléasanna feithicle Continental





Cnaipí

1. **Cnaipe OK:**
   Chun iontrálacha agus teachtaireachtaí roghchláir a dheimhniú
2. **Cnaipe Roghnaithe:**
   Chun feidhmeanna a roghnú agus a shocrú;
   Chun bogadh ar aghaidh sa roghchlár
3. **Comhéadan Seirbhíse:**
   Ar mhaithe le seirbhísí amháin
   (Bí cúramach gan dochar a dhéanamh don séala, le do thoil)

LED

4. **Uaine:**
   Tá an gléas feithicle réidh le húsáid; tá coinníollacha bhailiúchán uathoibríoch an dola comhlíonta.

   Dearg:
   Níl an gléas feithicle páirteach sa chóras uathoibríoch sa Ghearmáin toisc go ndearbhaíodh gan dliteanas dola a íoc nó toisc nach bhfuil an gléas réidh le húsáid de réir comhartha ar an scáileán taispeána.

Scáileán Taispeána

5. Líon na n-acastóirí atá ann faoi láthair
6. Seirbhís (DE = An Ghearmáin)
7. Dearbhú meáchain reatha

4 Oibriú

Ríomhtar an dola feithiclí troma ar bhonn an aicme astaíochta, an aicme meáchain agus, i gcás feithiclí nó comhcheangal feithiclí lena mbaineann ollmheáchan feithicle de níos mó ná 18 tonna, de réir aicme acastóra. Ina theannta sin, cuirtear costais an truailliú ó thorann san áireamh. Ní mór roghnú ó na haicmí meáchain seo a leanas:

Is le dliteanas dola a íoc ar gach feithicil agus comhcheangal feithicle, a bhfuil ollmheáchan feithicle de 7.5 tonna nó níos mó aige. An t-ollmheáchan feithicle atá iontráilte ag an úsáideoir le linn clárú na feithicle, bíonn sé á stóráil go buan sa ghléas feithicle. Má athraíonn an t-ollmheáchan ceadaithe toisc go nasctar nó go ndínasctar leantóir, ní mór an t-ollmheáchan a athoiriúnú ar an ngléas feithicle roimh an turas a thosú. Baineann sé seo le feithiclí a bhfuil ollmheáchan feithicle acu suas le 18 tonna, agus an méid sin san áireamh. Má tá an t-ollmheáchan os cionn 18 tonna, is gá líon na n-acastóirí (≤3 nó ≥4 acastóir) a chur in iúl.

Aicmí meáchain	Dearbhú um meáchain *	Dearbhú na n-acastóirí **
Riachtanas dola ar bith <7,5 t	<7.5 t *(scáileán taispeána „<7.5t“)*	–
≥7.5 t to <12 t	7.5 t – 9 t – 10.5 t *(scáileán „7.5t .. 11.99t“)*	–
≥12 t chuig <18 t	12 t – 13.5 t – 15 t – 16.5 t – 18 t *(scáileán “12t .. 18t”)*	–
>18 t	>18 t dearbhú meáchain ar bith riachtanach *(scáileán „>18t“)*	≤3 Acastóir nó ≥4 acastóir *(Líon beacht na n-acastóirí)*

** i gcéimeanna 1.5 t*

*** suas go dtí aicme meáchain II agus an aicme sin san áireamh, is féidir líon na n-acastóirí a chur in iúl, ach ní imríonn sé sin tionchar ar bith ar na dolaí*

Dearbhaítear meáchan na bhfeithiclí nó na gcomhcheangal feithiclí de 7.5 tonna nó níos mó i gcéimeanna 1.5 tonna. Mar gheall air seo, ní féidir aon aicme meáchain a shocrú, atá níos éadroime ná an meáchan atá stóráilte ar an ngléas feithicle. Ón 1 Eanáir 2019, beidh an t-ollmheáchan ceadaithe le haghaidh comhcheangal feithiclí, i gcodarsnacht le Rialacháin um Cheadú Feithiclí do Thrácht Bóithre (Straßenverkehrs-Zulassungs-Ordnung), socruithe ar bhonn suim an ollmheáchain ceadaithe na bhfeithiclí ar leith. Ní chuirtear ualaigh taca agus ualaigh phionna ceann aise san áireamh.

4.1 Sonraí Custaiméara a Iontráil

Sula dtosaíonn tú ar do thuras, iarrfar ort go huathoibríoch do shonraí custaiméara a iontráil sa ghléas feithicle nuair a lastar an adhaint.

Meáchan



Tar éis duit an t-inneall a thosú, taispeánfar socrú mheáchan an turais deiridh. Is é an uimhir seo ná an meáchan a stóráiltear go buan ar an ngléas feithicle nó an meáchan atá roghnaithe ag an tiománaí go gníomhach.

Tabhair d'aire le do thoil nach féidir aicme meáchain a shocrú atá níos lú ná an meáchan atá sainoiriúnaithe ar an ngléas feithicle.



BOSCH ↓



Bain úsáid as na saigheadchnaipí ◀ ▶ chun an meáchan ceart a roghnú. Deimhnigh an meáchan ceart le OK.

A Tá íocaíocht an dola san Ostair neamhspleách ar an socrú meáchain, ach is gá líon ceart na n-acastóirí a dhearbhú. Is féidir líon na n-acastóirí a athrú am ar bith tríd an mír roghchláir "NUMBER OF AXLES".

A I gcás na hOstaire, is féidir líon ceart na n-acastóirí a chinntiú (dearbhú an aicme feithicle) i "Rialacháin Dola do Mhótarbhealaí Cónaidhme agus Luasbhealaí na hOstaire" (Mautordnung für die Autobahnen und Schnellstraßen Österreichs) sa leagan reatha, atá ar fáil am ar bith ag www.asfinag.at.

Continental ↓

Bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun an meáchan ceart a roghnú. Deimhnigh an meáchan ceart le OK.

Líon na n-Acastóirí

Sa Ghearmáin, níl aon tionchar ag líon na n-acastóirí ar na costais dola, suas go dtí aicme meáchain II agus an meáchan sin san áireamh. I gcás feithiclí nó comhcheangal feithiclí a bhfuil ollmheáchan feithicle acu atá níos mó ná 18 tonna acu, ní mór líon na n-acastóirí a shocrú ar an ngléas feithicle. Tá difríocht sa rátaí dola idir ≤3 acastóir agus ≥4 acastóir.

(A) San Ostair, is gá líon na n-acastóirí a shonrú go beacht i gcónaí.

BOSCH ↓



Bain úsáid as na saighchnaipí ◀ ▶ chun rogha a dhéanamh idir 2 acastóir ar a laghad agus 8 n-acastóir ar a mhéad. Deimhnigh líon ceart na n-acastóirí le OK.

Continental ↓

Bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun rogha a dhéanamh idir 2 acastóir ar a laghad agus 8 n-acastóir ar a mhéad. Deimhnigh líon ceart na n-acastóirí le OK.

Tabhair d'aire le do thoil nach féidir líon acastóirí a shocrú atá níos lú ná líon na n-acastóirí atá cláraithe ar do ghléas feithicle.

Lárionad Costais

Is féidir leat lárionad costais a iontráil le haghaidh do thuras.

BOSCH ↓



Cuir isteach an chéad digit den lárionad costais, ag brú ar an gcnaipe ▲ nó ▼. Chun gabháil ar aghaidh chuig an chéad digit eile, bain úsáid as an gcnaipe ▶. Chun digití breise a chur isteach, déan an cleas céanna arís. Chun iontrálacha a cheartú, bain úsáid as an gcnaipe ◀ chun filleadh ar ais chuig na digití a iontráladh cheana. Deimhnigh an lárionad costais atá uait le OK.

Continental ↓

Cuir isteach an chéad digit den lárionad costais ag baint úsáid as an gcnaipe ▶. Chun gabháil ar aghaidh chuig an chéad digit eile, bain úsáid as an gcnaipe OK. Chun digití breise a chur isteach, déan an cleas céanna arís. Chun an digit roimhe sin a cheartú, bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun an mír ← a roghnú, agus ansin deimhnigh le OK. Is féidir an digit roimhe sin a cheartú leis an gcnaipe ▶. Deimhnigh an lárionad costais atá uait le OK.

Is féidir 8 ndigit ar a mhéad a iontráil le haghaidh lárionaid chostais.

Ní chuirtear iarratas ar na sonraí custaiméara ar taispeáint a thuilleadh a luaithe is atá an fheithicil ag gluaiseacht (ar feadh níos mó ná trí soicind, i gcás an Continental). Athraíonn an scáileán taispeána go huathoibríoch go dtí an mód oibriúcháin agus glactar le líon na n-acastóirí agus meáchan an turais roimhe seo.

4.2 Seirbhísí Bailiúcháin Dolaí sa Ghearmáin agus san Ostair

Má tá do ghléas feithicle ceadaithe dola a bhailiú sa Ghearmáin agus san Ostair, athraíonn mód oibriúcháin an ghléas feithicle go huathoibríoch chuig sheirbhís na tíre ina bhfuil tú tar éis an teorann a thrasnú. Tá faisnéis faoi stádas seirbhíse le fáil sa roghchlár "SERVICES":

BOSCH ↓	Continental ↓
MENU SERVICES DE ACTIVE AT ACTIVE	
Roghnaigh roghchlár an ghléas feithicle ag brú ar an gcnaipe OK. Bain úsáid as an gcnaipe ▲ nó ▼ chun scrolla a dhéanamh trí fheidhmeanna éagsúla an roghchláir go dtí an mír "SERVICES". Brúigh OK chun an roghchlár "SERVICES" a oscailt. Sa roghchlár "SERVICES", taispeántar an mód oibriúcháin reatha "DE ACTIVE" le haghaidh na Gearmáine nó "AT ACTIVE" le haghaidh na hOstaire. Bain úsáid as an gcnaipe C chun an fo-roghchlár a dhúnadh agus an príomh-roghchlár a oscailt. Bain úsáid as an gcnaipe C chun bogadh ar ais ón phríomh-roghchlár chuig an scáileán oibriúcháin.	Chun an roghchlár a oscailt, brúigh ar an gcnaipe ▸ arís agus arís eile sa mhód scáileáin oibriúcháin go dtí go dtaispeántar MENU ar an scáileán. Brúigh OK chun MENU a dheimhniú. Athraíonn an fheithicil go huathoibríoch chuig an bpríomh-roghchlár. Nuair a thaispeántar an roghchlár, bain úsáid as an gcnaipe ▸ chun scrolla a dhéanamh go "SERVICES". Brúigh OK chun bogadh chuig an roghchlár "SERVICES". Sa roghchlár "SERVICES", taispeántar an mód oibriúcháin reatha "DE ACTIVE" le haghaidh na Gearmáine nó "AT ACTIVE" le haghaidh na hOstaire. Brúigh OK ar an ngléas feithicle chun bogadh ais chuig an bpríomh-roghchlár. Chun an roghchlár a fhágáil, brúigh ar an gcnaipe ▸ arís agus arís eile go dtí go dtaispeántar "MENU BACK" ar an scáileán. Brúigh OK chun "MENU BACK" a dheimhniú. Athraíonn an gléas feithicle Continental go huathoibríoch ar ais chuig an scáileán oibriúcháin.

4.3 Scáileáin Oibriúcháin

4.3.1 Scáileáin Oibriúcháin ar Bhealaí laistigh den Ghearmáin

Ar ollmheáchan níos lú ná 7.5 t



Feithicil a bhfuil 3 acastóir aici
<7.5 tonna saor ó dhola

Le linn an turais le feithicil throm le dliteanas dola



Feithicil a bhfuil 5 acastóir aici
Meáchan 9 dtonna



Feithicil a bhfuil 5 acastóir aici
Meáchan 16.5 dtonna



Feithicil a bhfuil 5 acastóir aici
Meáchan >18 tonna

1. Líon na n-acastóirí atá ann faoi láthair
2. Seirbhís (DE = An Ghearmáin)
3. Dearbhú meáchain reatha (saor ó dhola)
4. Dearbhú meáchain reatha (aicme meáchain I)
5. Dearbhú meáchain reatha (aicme mheáchain II)
6. Dearbhú meáchain reatha (aicme meáchain III)

Bailiú uathoibríoch neamhghníomhach



Má roghnaítear "COLLECT MODE MANUAL" sa roghchlár, ní ghearrann an gléas feithicle dola ar bith. Ní mór turais ar bhealaí le dliteanas dola a áirithint de láimh tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect, ag an teirminéal dola nó thar áirithint ar líne.

4.3.2 Scáileáin Oibriúcháin ar Bhealaí laistigh den Ostair

Ⓐ Is trí chomharthaí fuaime amháin a ghearrtar an dola leis an ngléas feithicle ar bhóithre dola san Ostair. Ní féidir na comharthaí fuaime a mhúchadh. Ní sholáthraíonn LED agus scáileán taispeána an ghléas feithicle faisnéis ar bith faoi bhailiúchán an dola ar na bealaí seo.

Nuair a théann an fheithicil thar droichead dola, seolann an gléas feithicle comhartha fuaime tar éis dó an dola a íoc. Má tá an gléas feithicle blocáilte, beidh ceithre chomhartha fuaime le cloisteáil i ndiaidh a chéile. Mura bhfuil comhartha fuaime ar bith le cloisteáil agus tú ag tiomáint thar droichead dola san Ostair, is dócha nach ngearradh dola ar bith. Tá an méid dolaí atá in easnamh le híoc ag lárionad GO. Ag an lárionad GO is féidir GO-Box a fháil am ar bith má theipeann ar an ngléas feithicle go buan.

Ⓐ **Limistéar seirbhíse na hOstaire - le TOLL2GO gníomhachtaithe (Seirbhís AT)**



Tá tú i limistéar seirbhíse na hOstaire agus tá do ghléas feithicle Toll Collect cláraithe agat chun dola a ghearradh san Ostair.

1. Líon na n-acastóirí atá ann faoi láthair
2. Seirbhís (AT = An Ostair)
3. LED uaine (gan brí)

Ⓐ **Limistéar seirbhíse na hOstaire – gan TOLL2GO (Seirbhís AT) agus i dtíortha eile**



Tá tú i limistéar seirbhíse na hOstaire ach níl do ghléas feithicle Toll Collect cláraithe agat chun dola a ghearradh san Ostair nó i dtíortha eile.

1. Líon na n-acastóirí atá ann faoi láthair
2. Ní raibh aon dola gearrtha leis an ngléas feithicle
3. LED uaine (gan brí)

4.4 Socruithe roghchlár



Continental

I gcás an ghléas feithicle Continental, gheobhaidh tú teachtaireacht deimhnithe tar éis socruithe ar bith a athrú.

D'fhéadfadh cur i láthair na teachtaireachtaí taispeána a bheith beagán éagsúil lena chéile ag brath ar an gcineál crua-earraí agus ar an leagan bogearraí atá i gceist.

Níl an roghchlár "SERVICE"/"SERVICE MENU" ann ach amháin le haghaidh seirbhísiú sa cheardlann.

Má tá an gléas feithicle réidh le húsáid, is féidir leat socruithe éagsúla a roghnú sa roghchlár, mar is mian leat.

Ní féidir an roghchlár a oibriú ach amháin nuair a bhíonn an fheithicil ina stad.

	BOSCH ↓	Continental ↓
Oscailt an phríomh-roghchláir	Roghnaigh an príomh-roghchlár leis an gcnaipe OK.	Chun an príomh-roghchlár a oscailt, brúigh ar an gcnaipe ▸ sa mhód scáileáin oibriúcháin arís agus arís eile go dtí go dtaispeántar MENU ar an scáileán. Brúigh OK chun MENU a dheimhniú.
Nascleanúint san fho-roghchlár	Bain úsáid as na cnaipí ▲ ▼ chun scrolla a dhéanamh trí na míreanna roghchláir éagsúla. Le OK is féidir leat bogadh chuig an bhfo-roghchlár is mian leat.	Nuair atá an roghchlár ar oscailt, bain úsáid as an gcnaipe ▸ chun scrolla a dhéanamh trí mhíreanna éagsúla an roghchláir. Le OK is féidir leat bogadh chuig an bhfo-roghchlár is mian leat. Is féidir an mír inmhianaithe a roghnú leis an gcnaipe ▸. Deimhnigh do rogha míre le OK. Chun feidhmeanna breise a shocrú, déan an cleas céanna arís.
Scor den phríomh-roghchlár	Bain úsáid as an gcnaipe C chun an fo-roghchlár a dhúnadh agus an príomh-roghchlár a oscailt. Bain úsáid as an gcnaipe C chun bogadh ar ais ón phríomh-roghchlár chuig an scáileán oibriúcháin.	Chun an roghchlár a fhágáil, brúigh ar an gcnaipe ▸ arís agus arís eile go dtí go dtaispeántar "MENU BACK" ar an scáileán. Brúigh OK chun "MENU BACK" a dheimhniú. Athraíonn an gléas feithicle Continental go huathoibríoch ar ais chuig an scáileán oibriúcháin.

Mura brúitear cnaipe ar bith ar feadh níos mó ná 10 soicind tar éis dul isteach sa roghchlár, nó má thosaíonn an fheithicil ag gluaiseacht nuair atá an roghchlár ar oscailt, athróidh an t-aonad go huathoibríoch chuig an scáileán oibriúcháin.

Roghchlár Teanga



BOSCH ↓	Continental ↓
Sa roghchlár "LANGUAGE", bain úsáid as an gcnaipe ◂ nó ▸ le rogha a dhéanamh idir "DEUTSCH, ENGLISH, FRANÇAIS, POLSKI nó NEDERLANDS". Deimhnigh an teanga a theastaíonn uait le OK.	Sa roghchlár "LANGUAGE" bain úsáid as an gcnaipe ▸ chun rogha a dhéanamh idir "DEUTSCH, ENGLISH, FRANÇAIS, POLSKI nó NEDERLANDS". Deimhnigh an teanga a theastaíonn uait le OK. Taispeántar "LANGUAGE CHANGED" ar an scáileán agus athróidh an aonad go huathoibríoch ar ais chuig an bpríomh-roghchlár.

Roghchlár Meáchain



BOSCH ↓	Continental ↓
Sa roghchlár "WEIGHT", bain úsáid as na saigheadchnaipí ◂ ▸ chun an meáchan ceart a roghnú i gcéimeanna 1.5 tonna. Deimhnigh an meáchan ceart le OK.	Sa roghchlár "WEIGHT", bain úsáid as an gcnaipe ▸ chun an meáchan ceart a roghnú i gcéimeanna 1.5 tonna. Deimhnigh an meáchan ceart le OK. Taispeántar "WEIGHT CHANGED" ar an scáileán agus athróidh an t-aonad go huathoibríoch ar ais chuig an príomh-roghchlár.

I gcás aicme meáchain <7.5t (níos lú ná 7.5 tonna), ní ghearrfar dola ar bith ar bhóithre dola sa Ghearmáin. Tá an LED dearg ar lasadh.

Tabhair d'aire le do thoil nach féidir aicme meáchain a shocrú atá níos lú ná an meáchan atá sainoiriúnaithe ar an ngléas feithicle.

Roghchlár Líon na n-Acastóirí

Is féidir leat líon na n-acastóirí a cuireadh isteach leis na sonraí custaiméara a athrú sa roghchlár "NUMBER OF AXLES".

BOSCH ↓



Chun líon na n-acastóirí a athrú, bain úsáid as an gcnaipe ◀ nó ▶ chun rogha a dhéanamh idir 2 acastóir ar a laghad agus 8 n-acastóir ar a mhéad. Deimhnigh líon ceart na n-acastóirí le OK.

Continental ↓

Bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun rogha a dhéanamh idir 2 acastóir ar a laghad agus 8 n-acastóir ar a mhéad. Deimhnigh líon ceart na n-acastóirí le OK. Taispeántar "NUMBER OF AXLES CHANGED" ar an scáileán agus athróidh an t-aonad go huathoibríoch ar ais chuig an príomh-roghchlár.

Tabhair d'aire le do thoil nach féidir líon acastóirí a shocrú atá níos lú ná líon na n-acastóirí atá cláraithe ar do ghléas feithicle.

Roghchlár Bailiúcháin Dola

Más gá is féidir bac a chur ar an ngléas feithicle an dola a ghearradh go huathoibríoch ar an líonra bóithre sa Ghearmáin. San Ostair, cuirtear bailiúchán dolaí an ghléas feithicle i bhfeidhm i gcónaí má tá an gléas feithicle inchurtha i bhfeidhm don tseirbhís san Ostair.

BOSCH ↓



Sa roghchlár "COLLECT MODE", bain úsáid as an gcnaipe ◀ nó ▶ chun rogha a dhéanamh idir bhailiúchán dola uathoibríoch agus bhailiúchán dola de láimh. Deimhnigh an nós bailiúcháin dola le OK. Má roghnaítear "COLLECT MODE MANUAL" taispeántar "DE: AUTOMATIC COLLECT INACTIVE" go huathoibríoch ar an scáileán agus lastar an LED dearg.

Continental ↓

Sa roghchlár "COLLECT MODE", bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun rogha a dhéanamh idir bhailiúchán dola uathoibríoch agus bhailiúchán dola de láimh. Deimhnigh an nós bailiúcháin dola le OK. Taispeánfar "COLLECT MODE CHANGED" an scáileán agus athróidh an t-aonad go huathoibríoch ar ais chuig an bpríomh-roghchlár. Má roghnaítear "COLLECT MODE MANUAL" taispeántar "DE: AUTOMATIC COLLECT INACTIVE" go huathoibríoch ar an scáileán agus lastar an LED dearg.

(Ar lean →)

(Ar lean)

Is féidir an dola a áirithiú de láimh sa Ghearmáin thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag an teirminéal dola.

Roghchlár Lárionaid chostais

Is féidir leat iarratas maidir le lárionaid chostais a ghníomhachtú nó a chur ar ceal nó lárionad costais atá iontráilte cheana féin a athrú. Is féidir leat 8 ndigit ar a mhéad a iontráil le haghaidh lárionaid chostais.

BOSCH ↓



Sa roghchlár "COST CENTER", bain úsáid as an gcnaipe ◀ nó ▶ chun rogha a dhéanamh idir "ON", "CHANGE" agus "OFF". Deimhnigh do rogha le OK.

Chun lárionad costais a athrú, lean ar aghaidh mar seo: cuir isteach an chéad digit de do lárionad costais ag brú ar an gcnaipe ▲ nó ▼. Chun gabháil ar aghaidh chuig an chéad digit eile, bain úsáid as an gcnaipe ▶. Chun

Continental ↓

Sa roghchlár "COST CENTER", bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun rogha a dhéanamh idir "ON", "CHANGE" agus "OFF". Deimhnigh do rogha le OK. I gcás "ON" agus "OFF", taispeánfar "COST CENTER CHANGED" ar an scáileán agus athróidh an t-aonad ar ais go huathoibríoch chuig an bpríomh-roghchlár.

Chun lárionad costais a athrú, lean ar aghaidh mar seo: cuir isteach an chéad digit de do lárionad costais ag brú ar an gcnaipe ▶. Chun gabháil ar aghaidh chuig an chéad digit eile, bain úsáid as an gcnaipe OK. Chun digití

(Ar lean →)

(Ar lean)

BOSCH ↓	Continental ↓
digití breise a chur isteach, déan an cleas céanna arís. Chun iontrálacha a cheartú, bain úsáid as an gcnaipe ◀ chun filleadh ar ais chuig na digití a iontráladh cheana. Deimhnigh an lárionad costais atá uait le OK.	breise a chur isteach, déan an cleas céanna arís. Chun an digit roimhe sin a cheartú, bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun an mír ↵ a roghnú, agus ansin deimhnigh le OK. Is féidir an digit roimhe sin a cheartú leis an gcnaipe ▶. Tar éis duit an lárionad costais a theastaíonn uait a chur isteach, deimhnigh do chuid iontrálacha le OK. Taispeánfar "COST CENTER ADOPTED" ar an scáileáin agus athróidh an t-aonad ar ais go huathoibríoch chuig an bpríomh-roghchlár.

Roghchlár Seirbhísí

(A)

Má tá do ghléas feithicle ceadaithe dola a bhailiú sa Ghearmáin agus san Ostair, athraíonn mód oibriúcháin an ghléas feithicle go huathoibríoch chuig sheirbhís na tíre ina bhfuil tú tar éis an teorann a thrasnú. Is féidir leat na seirbhísí atá ar fáil ar do ghléas feithicle a fheiceáil sa roghchlár "SERVICES":

BOSCH ↓	Continental ↓
MENU SERVICES Roghnaigh roghchlár an ghléas feithicle ag brú ar an gcnaipe OK. Bain úsáid as an gcnaipe ◀ nó ▶ chun scrolla a dhéanamh trí fheidhmeanna éagsúla an roghchláir go dtí an mír "SERVICES".	Chun an roghchlár a oscailt, brúigh ar an gcnaipe ▶ arís agus arís eile sa mhód scáileáin oibriúcháin go dtí go dtaispeántar MENU ar an scáileán. Brúigh OK chun MENU a dheimhniú.
DE ACTIVE AT ACTIVE Brúigh OK chun bogadh chuig an bhfo-roghchlár "SERVICES". Sa roghchlár "SERVICES", taispeántar an	Athraíonn an fheithicil go huathoibríoch chuig an bpríomh-roghchlár. Nuair a thaispeántar an roghchlár,

(Ar lean →)

(Ar lean)

BOSCH ↓	Continental ↓
mód oibriúcháin reatha "DE ACTIVE" le haghaidh na Gearmáine nó "AT ACTIVE" le haghaidh na hOstaire. Bain úsáid as an gcnaipe C chun an fo-roghchlár a dhúnadh agus an príomh-roghchlár a oscailt. Bain úsáid as an gcnaipe C chun bogadh ar ais ón phríomh-roghchlár chuig an scáileán oibriúcháin. Bain úsáid as an gcnaipe C chun bogadh ón fho-roghchlár ar ais chuig an bpríomh-roghchlár agus chun an scáileán oibriúchán a úsáid arís.	bain úsáid as an gcnaipe ▶ chun scrolla a dhéanamh go "SERVICES". Sa roghchlár "SERVICES", taispeántar an mód oibriúcháin reatha "DE ACTIVE" le haghaidh na Gearmáine nó "AT ACTIVE" le haghaidh na hOstaire. Brúigh OK ar an ngléas feithicle chun bogadh ais chuig an bpríomh-roghchlár. Chun an roghchlár a fhágáil, brúigh ar an gcnaipe ▶ arís agus arís eile go dtí go dtaispeántar "MENU BACK" ar an scáileán. Brúigh OK chun "MENU BACK" a dheimhniú. Athraíonn an gléas feithicle Continental go huathoibríoch ar ais chuig an scáileán oibriúcháin.

Stádais na Seirbhíse

Sa roghchlár "SERVICES" is féidir leat stádas reatha seirbhíse ar leith a fheiceáil. Ciallaíonn "ACTIVE" gur féidir leat an tseirbhís a úsáid. Ciallaíonn "INACTIVE" nár cuireadh an tseirbhís in áirithe (ní bhaineann ach le seirbhís AT amháin faoi láthair). Léiríonn "DEFECTIVE" mífheidhmiú an ghléas feithicle, déan teagmháil le do comhpháirtí seirbhíse. Taispeántar "BLOCKED DE" nó "BLOCKED AT" ar an scáileán taispeána nuair atá blocáil curtha i bhfeidhm ag Toll Collect. Tá an stádas sa roghchlár seirbhíse "BLOCKED". Sa chás seo, déan teagmháil le do thoil le Seirbhís Chustaiméirí Toll Collect.

Roghchlár Seirbhíse

MENU
SERVICE MENU

PIN
****

Tá an roghchlár seirbhíse ("SERVICE MENU" i BOSCH) cosanta le hiarratas PIN. Is do Chomhpháirtithe Seirbhíse Toll Collect amháin a cheadaítear rochtain ar an roghchlár seo.

4.5 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide

Seiceálann an gléas feithicle go huathoibríoch riachtanais teicniúla áirithe atá riachtanach le haghaidh oibriúchan ceart an bhailiúcháin dolaí sa Ghearmáin agus san Ostair. Má tá ceann amháin nó níos mó de na riachtanais seo i mbaol nó ar iarraidh,

- beidh comhartha fuaime (ton earráide) le cloisteáil.
- beidh teachtaireacht earráide le feiceáil ar an scáileán taispeána (le huimhir diagnóise i gcásanna áirithe).
- lasfaidh an LED dearg (ach amháin le bailiú dolaí sa Ghearmáin).

Le haghaidh fadhbcheartaithe níos cruinne, taispeántar roinnt teachtaireachtaí earráide tar éis na teachtaireachta taispeána, chomh maith le huimhir diagnóise idir lúibíní. Cuidíonn an uimhir diagnóise leis an gcomhpháirtí seirbhíse fadhbcheartú a dhéanamh. Breac síos an uimhir seo le do thoil agus inis don chomhpháirtí seirbhíse é chomh maith leis an teachtaireacht taispeána bheacht. Tá sonraí maidir le teachtaireachtaí earráide, agus an bhrí atá leo don réimse seirbhíse faoi seach, le fáil thíos sa doiciméad seo.

Is ea teachtaireachtaí rabhaidh agus earráide

1. teachtaireachtaí a léiríonn locht theicniúil sa ghléas feithicle agus sa nós ar a bhfuil sé ionsuite (sa chás seo is é an Comhpháirtí Seirbhíse Toll Collect an duine teagmhála) nó
2. teachtaireachtaí maidir leis an tseirbhís bhailiúcháin dola agus a riarachán (sa chás seo is é Seirbhís Chustaiméirí Toll Collect an oifig teagmhála).

4.5.1 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide i gcás Lochtanna Teicniúla

Earráid GPS

Dearg

DE: GPS ERROR
SERVICE (X)

A

Taispeántar an teachtaireacht "DE: GPS ERROR SERVICE" agus digit diagnóise nuair a chuirtear isteach ar an gcomhartha GPS (Córas Suite Domhanda). Sa chás seo, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect, le do thoil. Ní bhaineann an teachtaireacht seo ach le bailiúchán dola sa Ghearmáin. San Ostair, is féidir an dola a bhailiú go leanúnach gan bhriseadh in ainneoin na teachtaireachta earráide seo, ar an gcoinníoll go dtaispeántar an teachtaireacht earráide i ndiaidh gur aithníodh gur thiomáin tú isteach san Ostair.

Más tá fadhb ann leis an gcomhartha GPS, ní bheidh an gléas feithicle réidh don chóras bailiúcháin dola uathoibríoch sa Ghearmáin fiú ar thuras ón Ostair isteach sa Ghearmáin. Má mhaireann an fhadhb fiú tar éis athbhútáil an ghléas feithicle sula dtrasnaíonn tú an teorainn, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola.

Aonad (OBU) Fabhtach

Dearg

OBU DEFECTIVE
SERVICE (X)

A

Taispeántar an teachtaireacht “OBU DEFECTIVE SERVICE” agus digit diagnóise má bhíonn mífheidhmiú teicniúil sa ghléas feithicle. Sa chás seo, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect, le do thoil.

Má tá an gléas feithicle fabhtach, níl sé réidh don chóras bailiúcháin dola uathoibríoch. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola. Laistigh den Ostair, ní mór GO-Box a cheannach sa chás seo.

Earráid GSM

Dearg

GSM ERROR
SERVICE (X)

A

Taispeántar an teachtaireacht "GSM ERROR SERVICE" agus digit diagnóise nuair nach bhfuil ach rochtain theoranta nó rochtain ar bith ag an ngléas feithicle ar an líonra soghluaiste. Sa chás seo, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect, le do thoil. Is féidir an dola a bhailiú go leanúnach gan bhriseadh san Ostair in ainneoin na teachtaireachta earráide seo.

Níl an gléas feithicle réidh le hoibriú.Tá an gléas ardaithe bosca ullamh anois. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola.

Voltas Ceallra

Taispeántar an teachtaireacht "BATTERY VOLTAGE <25%" nó "PLEASE CHANGE BATTERY" nuair a éiríonn an ceallra lag. Is féidir leat an teachtaireacht seo a dheimhniú le OK agus ansin leanúint ar aghaidh leis an gcóras uathoibríoch.



Chun na ceallraí a athrú, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect a luaithe agus is féidir.

4.5.2 Teachtaireachtaí Rabhaidh agus Earráide maidir le Seirbhís Bailiúcháin Dola

Aonad Blocáilte



Taispeántar an teachtaireacht "UNIT BLOCKED" má tá an t-oibreoir tar éis an gléas feithicle a bhlocáil ó gach seirbhís sa Ghearmáin agus san Ostair. Sa chás seo, téigh i dteagmháil go díreach le Seirbhís Chustaiméirí Toll Collect.

Níl an gléas feithicle réidh le hoibriú.Tá an gléas ardaithe bosca ullamh anois. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola. Laistigh den Ostair, ní mór GO-Box a cheannach sa chás seo.

Comhad Seirbhíse Fabhtach



Taispeántar an teachtaireacht "SERVICE FILE DEFECTIVE" i gcás fabht seirbhíse de thoradh neamhréireanna sonraí de chuid an ghléas feithicle. Sa chás seo, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect le do thoil.

Níl an gléas feithicle réidh le hoibriú. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola. Laistigh den Ostair, ní mór GO-Box a cheannach sa chás seo.

Blocáilte DE



Taispeántar an teachtaireacht "BLOCKED DE" má tá an t-oibreoir tar éis an gléas feithicle a bhlocáil ó gach seirbhís sa Ghearmáin. Sa chás seo, téigh i dteagmháil go díreach le Seirbhís Chustaiméirí Toll Collect.

Níl an gléas feithicle réidh le hoibriú.Tá an gléas ardaithe bosca ullamh anois. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola. San Ostair, is féidir an dola a bhailiú go leanúnach gan bhriseadh in ainneoin na teachtaireachta seo.

Blocáilte AT



Taispeántar an teachtaireacht "BLOCKED AT" má tá an t-oibreoir tar éis an gléas feithicle a bhlocáil ó bhailiúchán dola san Ostair ar chúiseanna teicniúla. Tá ceithre fhuaim comhartha le cloisteáil in éineacht leis an bhfoláireamh seo. Sa chás seo, déan teagmháil le do Chomhpháirtí Seirbhíse Toll Collect le do thoil.

Níl an gléas feithicle réidh le hoibriú.Tá an gléas ardaithe bosca ullamh anois. Laistigh den Ostair, ní mór GO-Box a cheannach sa chás seo. Sa Ghearmáin, is féidir an dola a bhailiú go leanúnach gan bhriseadh in ainneoin na teachtaireachta earráide seo, ar an gcoinníoll go dtaispeántar an teachtaireacht earráide i ndiaidh gur aithníodh gur thiomáin tú isteach sa Ghearmáin.

Earráidí Lódála



Taispeántar an teachtaireacht "LOADING ERROR" agus digit diagnóise murar bhféidir bogearraí a lódáil go hiomlán ar an modúl DSRC. De ghnáth, is leor an gléas feithicle a athbhútáil chun an fabht a réiteach (múch an adhaint, fan go bhfuil an scáileán taispeána dorcha, las an adhaint arís). Má thaispeántar teachtaireacht earráide athuair, tá an gléas feithicle fabhtach.

Má tá an gléas feithicle fabhtach, níl sé réidh don chóras bailiúcháin dola uathoibríoch. Sa chás seo sa Ghearmáin, is féidir leat clárú de láimh thar áirithint ar líne, tríd an bhfeidhmchlár Toll Collect nó ag teirmineál dola. Laistigh den Ostair, ní mór GO-Box a cheannach sa chás seo.